COMHAR TEORANTA
(CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA GAN SCAIRCHAIPITEAL)

47 SRÁID HARRINGTON

BAILE ÁTHA CLIATH 8

RÁITIS AIRGEADAIS

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2014

COMHAR TEORANTA
(CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA GAN SCAIRCHAIPITEAL)

CLÁR

	Leathanach
Stiúrthóirí agus Eolas Eile	3
Tuarascáil na Stiúrthóirí	4/5
Freagrachtaí Stiúrthóirí	6
Tuarascáil an Iniúchóra	7/8
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	9
Clár Comhardaithe	10
Nótaí ar na Cuntais	11/13
Ráiteas Sreabhadh Airgid	14

COMHAR TEORANTA
(CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA GAN SCAIRCHAIPITEAL)

STÍURTHÓIRÍ AGUS EOLAS EILE

STIÚRTHÓIRÍ	Cathal Goan Muireann Ní Mhóráin Uaitéar Ó Ciaruáin Paula Ní Shlatarra Gréagóir Ó Dúill Liam Mac Amhlaigh Kevin de Barra Fiachra Ó Marcaigh Orla Ní Chuilleanáin (ó 12 Bealtaine 2014) Cormac Breathnach (ó 13 Aibreán 2015) Ciara Ní Éanacháin (ó 13 Aibreán 2015) Aindriú Ó Faoláin (go 9 Feabhra 2015)
RÚNAÍ	Paula Ní Shlatarra
OIFIG CHLÁRAITHE	47 Sráid Harrington Baile Átha Cliath 8
UIMHIR CHLÁRAITHE	047559
UIMHIR CHY	6355
BAINCÉIRÍ	Banc na hÉireann 2 Faiche an Choláiste Baile Átha Cliath 2.
INIÚCHÓIR	Dáithí Ó Maolchoille Comhlacht Reachtúil Iniúchóireachta 75 Páirc Weston Baile an Teampaill Baile Átha Cliath 14.

COMHAR TEORANTA
(CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA GAN SCAIRCHAIPITEAL)
TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2014

Cuireann na stiúrthóirí a dtuarascáil agus na ráitis airgeadais iniúchta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2014 ar fáil.

ATHBHREITHNIÚ AR FHORBAIRT NA CUIDEACHTA

Ba é príomhghnó na cuideachta i rith na bliana ná iris agus leabhair Ghaeilge a fhoilsiú.

TORTHAÍ NA BLIANA AGUS STAID CÚRSAÍ AR 31 NOLLAIG 2014

Tá an cuntas ioncaim agus caiteachais agus an clár comhardaithe don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2014 ar leathanaigh 9 go 14. Tá torthaí ó ghnáthghníomhachtaí roimh cháin le léamh sa chuntas ioncaim agus caiteachais ar leathanach 9. Tá staid chúrsaí na cuideachta léirithe ar an gclár comhardaithe ar leathanach 10.

CÚLCHISTÍ

Tá gluaiseacht na gcúlchistí léirithe sa chuntas ioncaim agus caiteachais ar leathanach 9.

STIÚRTHÓIRÍ

D'éirigh Aindriú Ó Faoláin as an mBord Stiúrtha ar 9 Feabhra 2015.

Ceapadh Orla Ní Chuilleanáin mar stiúrthóir ar 12 Bealtaine 2014. Ceapadh Cormac Breathnach agus Ciara Ní Éanacháin mar stiúrthóirí ar 13 Aibreán 2015.

De réir Airteagail Chomhlachais na cuideachta éiríonn Cathal Goan agus Muireann Ní Mhóráin as an mBord Stiúrtha agus, iad a bheith inainmnithe, cuireann siad iad féin ar fáil le bheith atofa.

De réir Airteagail Chomhlachais na cuideachta éiríonn Orla Ní Chuilleanáin, Cormac Breathnach agus Ciara Ní Éanacháin as an mBord Stiúrtha agus, iad a bheith inainmnithe, cuireann siad iad féin ar fáil le bheith tofa.

Gníomhaíonn na stiúrthóirí go léir ar bhonn deonach.

IMEACHTAÍ TÁBHACHTACHA Ó DHEIREADH NA BLIANA

Leanfaidh an chuideachta ag foilsiú na hirise míosúla "Comhar" agus ag foilsiú leabhar.

COMHAR TEORANTA
(CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA GAN SCAIRCHAIPITEAL)
TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2014
(ar leanúint)

FORBAIRTÍ SA GHNÓTHAS AMACH ANSEO

Leanfaidh an chuideachta ag foilsiú irise míosúla agus leabhar sa bhliain seo chugainn.

LEABHAIR CHUNTAIS

Is iad na céimeanna a ghlacann na stiúrthóirí chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil coinníollacha Ailt 202 de Acht na gCuideachtaí 1990, faoi leabhair chuntais chuí, á gcomhlíonadh ná: na polasaithe agus na nósmhaireachtaí riachtanacha a fheidhmiú chun idirbhearta a chlárú; foireann chuntasaíochta chumasach, le taithí oiriúnach, a fhostú; agus dóthain acmhainní a sholáthar chun cúram a dhéanamh de na cuntais. Coimeádtar na leabhair chuntais in Oifig Chláraithe na Cuideachta.

INIÚCHÓIR

Tá sé curtha in iúl ag Dáithí Ó Maolchoille, Comhlacht Reachtúil Iniúchóireachta, go bhfuil sé sásta leanúint in oifig faoi réir Alt 160, Acht na gCuideachtaí 1963.

PRÍOMHRIOSCAÍ AGUS ÉIGINNTEACHTAÍ

Faigheann an chuideachta a cuid ioncaim ó fhoilsiú iris agus leabhar Gaeilge móide deontais ó Fhoras na Gaeilge. Is é maoiniú imeachtaí na cuideachta an príomhriosca atá ag an gcuideachta. Tuigtear do na stiúrthóirí go leanfaidh foinsí maoinithe go dtí 2017 ar a laghad.

Ar son na stiúrthóirí
CATHAL GOAN

PAULA NÍ SHLATARRA

Stiúrthóirí

13 Aibreán 2015

COMHAR TEORANTA
(CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA GAN SCAIRCHAIPITEAL)

RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ STIÚRTHÓIRÍ

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2014

Tá na stiúrthóirí freagrach as an Tuarascáil Bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir dhlíthe oiriúnacha agus de réir Chleachtais Chuntasaíochta a bhfuil gnáth-ghlacadh leo in Éirinn, ar a n-áirítear na caighdeáin chuntasaíochta atá eisithe ag an mBord um Chaighdeáin Cuntasaíochta agus atá foilsithe ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann.

De réir dlí cuideachta tá iallach ar na stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhair gach bliana airgeadais a thugann léargas fíor cothrom ar ghnóthaí na cuideachta agus ar bhrabús nó ar chaillteanas na cuideachta don tréimhse sin. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú acu ní foláir do na stiúrthóirí:

- polasaithe cuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus ansin iad a chur i bhfeidhm go leanúnach,

- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama,

- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin sa chás go bhfuil sé mí-oiriúnach a cheapadh go leanfaidh an chuideachta i mbun gnó.

Deimhníonn na stiúrthóirí go bhfuil na riachtanais thuas comhlíonta agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu.

Tá na stiúrthóirí freagrach as taifid chuntasaíochta chuí a choimeád a léiríonn le cruinneas réasúnta stádas airgeadais na cuideachta ag am ar bith agus a chuireann ar a gcumas bheith deimhin de go bhfuil na ráitis airgeadais ullmhaithe de réir Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2013. Tá siad freagrach freisin as sócmhainní na cuideachta a chosaint agus dá réir sin as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus gnóthaí cama eile a chosc agus a aimsiú.

Chomh fada agus is eol do na stiúrthóirí:
- níl aon fhaisnéis ábhartha iniúchóireachta ann (faisnéis a bheadh ag teastáil ón iniúchóir agus é ag ullmhú a thuarascála) nach eol do iniúchóir na cuideachta, agus
- tá gach céim glactha ag na stiúrthóirí a ba chóir dóibh a ghlacadh chun iad féin a chur ar an eolas faoi aon fhaisnéis ábhartha iniúchóireachta agus chun a chinntiú go bhfuil iniúchóir na cuideachta ar an eolas faoin bhfaisnéis sin.

Ar son na stiúrthóirí
CATHAL GOAN
PAULA NÍ SHLATARRA
Stiúrthóirí
13 Aibreán 2015

COMHAR TEORANTA
(CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA GAN SCAIRCHAIPITEAL)
TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁCH DO NA COMHALTAÍ

Tá iniúchadh déanta agam ar na ráitis airgeadais de Chomhar Teoranta don bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2014 ar a n-áirítear an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid, Ráiteas na nGnóthachan agus na gCaillteanas Iomlán Admhaithe agus na nótaí gaolmhara ar leathanaigh 9 go 14. Is iad dlí na hÉireann agus caighdeáin chuntasaíochta eisithe ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais agus foilsithe ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (Cleachtais Chuntasaíochta a bhfuil gnáth-ghlacadh leo in Éirinn) an creat tuairisciú airgeadais atá i bhfeidhm in ullmhú na ráiteas airgeadais.

Is do chomhaltaí na cuideachta amháin, mar chomhlacht, faoi réir Alt 193 de Acht na gCuideachtaí 1990 a dhéantar an tuarascáil seo. Chuaigh mé i mbun na hoibre iniúchta le go bhféadfainn a lua le comhaltaí na cuideachta na nithe sin a cheanglaítear orm a lua i dtuarascáil iniúchóra agus chun na críche sin amháin. Chomh fada agus is ceadmhach dom de réir dlí ní ghlacaim ná ní ghabhaim chugam féin freagracht do dhuine ar bith seachas don chuideachta agus do chomhaltaí na cuideachta mar chomhlacht, as m'obair iniúchta, as an tuarascáil seo, ná as na tuairimí ar tháinig mé orthu.

Freagrachtaí na stiúrthóirí agus an iniúchóra faoi seach
Mar atá mínithe níos iomláine sa Ráiteas ar Fhreagrachtaí Stiúrthóirí atá leagtha amach ar leathanach 6, tá na stiúrthóirí freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais chun léargas fíor agus cothrom a thabhairt. Is é an dualgas atá orm na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairim a nochtadh orthu faoi réir dhlí na hÉireann agus na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchta (RA agus Éire). Éilíonn na caighdeáin seo go gcloífinn le Caighdeáin Eitice do Iniúchóirí an Bhoird um Chleachtais Iniúchta.

Scóp iniúchadh na ráiteas airgeadais
Áirítear, in iniúchadh, fianaise a fháil faoi na suimeanna agus nochtadh faisnéise sna ráitis airgeadais chun dóthain cinnteachta réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíshonrú ábhartha, cé acu calaois nó earráid ba chúis leis. Áirítear leis seo measúnú ar: cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na polasaithe cuntasaíochta oiriúnach do chúinsí na cuideachta agus cé acu an gcuirtear nó nach gcuirtear na polasaithe sin i bhfeidhm go comhsheasmhach agus an nochtar go leordhóthanach iad; réasúntacht meastachán cuntasaíochta suntasacha a rinne na stiúrthóirí; agus cur i láthair na ráiteas airgeadais. De bhreis air sin, léim an fhaisnéis airgeadais agus neamh-airgeadais go léir i dTuarascáil na Stiúrthóirí chun nithe neamh-chomhsheasmhacha leis na ráitis airgeadais iniúchta a aithint agus chun aon eolas, a bhfuil an dealramh air go bhfuil sé míchruinn agus é bunaithe ar, nó atá neamh-chomhsheasmhach le, heolas ar tháinig mé air a aithint agus mé ag gabháil den iniúchadh. Má thagaim ar eolas faoi mhíráiteas nó faoi nithe neamh-chomhsheasmhacha ábhartha déanaim na himpleachtaí do mo thuarascáil a mheas.

COMHAR TEORANTA
(CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA GAN SCAIRCHAIPITEAL)
TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁCH DO NA COMHALTAÍ
(ar leanúint)

Tá an t-iniúchadh déanta agam faoi réir choinníollacha Chaighdeán Eitice an Bhoird um Chleachtais Iniúchta lena n-áirítear Caighdeán Eitice an Bhoird um Chleachtais mar atá leagtha amach i nóta 9 de na ráitis airgeadais.

Tuairim ar na ráitis airgeadais

Is í mo thuairim maidir leis na ráitis airgeadais:

- go dtugann siad léargas fíor agus cothrom faoi réir na gCleachtas Cuntasaíochta a bhfuil gnáth-ghlacadh leo in Éirinn ar ghnóthaí na cuideachta mar a bhí ar an 31 Nollaig 2014 agus ar a toradh don bhliain a chríochnaigh ansin; agus
- gur ullmhaíodh iad i gceart de réir Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2013.

Ábhair a éilíonn Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2013 orm a thuairisciú

- Fuair mé an fhaisnéis agus na mínithe go léir a mheas mé ba ghá i gcomhair mo iniúchta.
- Is í mo thuairim gur choimeád an chuideachta leabhair chuntais chuí.
- Tá na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na leabhair chuntais.

Ábhair gur gá dom a thuairisciú go heisceachtúil

Níl aon ní le tuairisciú agam a n-éilítear orm ag forálacha Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2013 a thuairisciú daoibh más í mo thuairim é nach nochtar luach saothair nó idirbhearta na stiúrthóirí atá sonraithe sa dlí.

Dáithí Ó Maolchoille
Iniúchóir Cláraithe, Cuntasóir Cairte
Sínithe ar a shon agus thar a cheann:
Dáithí Ó Maolchoille
Comhlacht Reachtúil Iniúchóireachta
75 Páirc Weston
Baile Átha Cliath 14

13 Aibreán 2015

COMHAR TEORANTA
(CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA GAN SCAIRCHAIPITEAL)

CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2014

	Nóta	2014 €	2013 €
Farasbarr/(easnamh) ó ghnáthghníomhachtaí roimh cháin	2	1,609	(9,707)
Cáin ar thorthaí ó ghnáthghníomhachtaí	3	-	-
Farasbarr/(easnamh) ó ghnáthghníomhachtaí tar éis cánach	4	1,609	(9,707)

RÁITEAS NA nGNÓTHACHAN AGUS NA gCAILLTEANAS IOMLÁN ADMHAITHE

Tá na torthaí díorthaithe ó ghnóthaí leanúnacha. Ní raibh gnóthachan ná caillteanas ar bith admhaithe seachas toradh coimeádta na tréimhse airgeadais. Ní raibh gluaiseachtaí ar bith i gcistí na cuideachta i rith na tréimhse seachas toradh coimeádta na tréimhse airgeadais.

Ar son na stiúrthóirí

CATHAL GOAN

PAULA NÍ SHLATARRA

Stiúrthóirí

COMHAR TEORANTA
(CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA GAN SCAIRCHAIPITEAL)

CLÁR COMHARDAITHE AR 31 NOLLAIG 2014

	Nótaí	2014 €	2013 €
SÓCMHAINNÍ SEASTA			
Sócmhainní inláimhsithe	5	-	-
Infheistíocht	6	32	32
		32	32
SÓCMHAINNÍ REATHA			
Stoc		24,217	20,692
Féichiúnaithe	7	14,625	13,611
Airgead sa bhanc		27,252	7,436
		66,094	41,739
CREIDIÚNAITHE (suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin)		(32,952)	(10,206)
GLANSÓCMHAINNÍ REATHA		33,142	31,533
SÓCMHAINNÍ IOMLÁNA LÚIDE DLITEANAIS		33,174	31,565
COMHDHÉANTA MAR A LEANAS			
Cuntas ioncaim agus caiteachais		33,174	31,565

Ar son na stiúrthóirí

CATHAL GOAN

PAULA NÍ SHLATARRA

Stiúrthóirí

COMHAR TEORANTA
(CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA GAN SCAIRCHAIPITEAL)

NÓTAÍ AR NA CUNTAIS
DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2014

1. POLASAÍ CUNTASAÍOCHTA

Gnás Cuntasaíochta

Ullmhaítear na ráitis airgeadais faoi réir caighdeán chuntasaíochta a bhfuil gnáth-ghlacadh leo in Éirinn. Is iad caighdeáin chuntasaíochta a bhfuil gnáth-ghlacadh leo in Éirinn agus ráitis airgeadais á n-ullmhú ag tabhairt léargais fíor agus cothrom ná caighdeáin chuntasaíochta foilsithe ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann agus eisithe ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais.

Dímheas Sócmhainní Inláimhsithe Dochta

Soláthraítear dímheas ar na sócmhainní inláimhsithe go léir ag rátaí atá measta chun costas na sócmhainní, lúide luach iarmharach measta, a dhíscríobh thar an tréimhse a mbíonn siad inúsáidte ar mhodh na líne dírí mar a leanas:

Trealamh ríomhaireachta a maoiníodh go hiomlán ag deontas a fuarthas	100%
Troscán, Fearas	20%

Stoc

Luacháiltear stoc leabhar ag a bhunchostas nó ag a ghlanluach inréadaithe, cibé acu is lú tar éis stoc críon nó mallghluaiste a dhíscríobh. Áirítear i gcostas an caiteachas go léir a rinneadh le linn gnáthchúrsaí na cuideachta chun na leabhair a thabhairt go dtí a suíomh agus a n-ordú reatha.

2. FARASBARR/(EASNAMH) Ó GHNÁTHGHNÍOMHACHTAÍ ROIMH CHÁIN

	2014	2013
	€	€
Léirítear na torthaí roimh cháin tar éis na gcostas seo leanas a íoc:		
Táillí iniúchóra – iniúchadh	1,250	1,250
seirbhísí neamhiniúchóireachta	1,250	1,250
	====	====

3. CÁIN AR THORTHAÍ AR GHNÁTHGHNÍOMHACHTAÍ

Tá stádas carthanúil faighte ag an gcuideachta ó na Coimisinéirí Ioncaim a thugann faoiseamh ó cháin i leith ioncaim nó ghnócháin chaipitiúla a úsáidtear agus atá inúsáidte chun críche aidhmeanna carthanúla amháin. Bronnadh an stádas sin ar an gcuideachta i litir ó na Coimisinéirí Ioncaim dar dáta 12 Lúnasa 1982.

4. CÚLCHISTÍ

	2014	2013
	€	€
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais:		
Farasbarr ag tús na bliana	31,565	41,272
Farasbarr/(easnamh) na bliana	1,609	(9,707)
Farasbarr ag deireadh na bliana	33,174	31,565

5. SÓCMHAINNÍ INLÁIMHSITHE DOCHTA

	Troscán, Fearais	Ríomhairí	Iomlán
Costas	€	€	€
Ar 1 Eanáir agus ar 31 Nollaig	2,869	15,046	17,915
Dímheas			
Ar 1 Eanáir agus ar 31 Nollaig	2,869	15,046	17,915
Glanmhéid			
31 Nollaig 2014	-	-	-
31 Nollaig 2013	-	-	-

6. INFHEISTÍOCHT

	2014	2013
	€	€
Comharchumann neamhliostaithe:		
Comharchumann Raidió Átha Cliath Teoranta (Raidió na Life) 25 scair - costas	32	32

7. FÉICHIÚNAITHE

	2014	2013
	€	€
Féichiúnaithe ginearálta	12,056	10,601
Cáin Bhreisluacha	2,569	3,010
	14,625	13,611
	=====	=====

8. STÁDAS NA CUIDEACHTA

Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta gan scairchaipiteal is ea an chuideachta. Tá ráthaíocht na gcomhaltaí teoranta go €1.27 an chomhalta a leanann ar feadh bliana amháin tar éis deiridh le comhaltas aonair.

9. SEIRBHÍSÍ CURTHA AR FÁIL AG INIÚCHÓIR NEAMHSPLÉACH

Dála a lán gnóthas eile ar chóimhéid agus den chineál céanna, cuidíonn ár n-iniúchóir linn na ráitis airgeadais a ullmhú, tuairisceáin bhliantúla a ullmhú agus a chur faoi bhráid na hOifige um Chlárú Cuideachtaí agus tuairisceáin a ullmhú agus a chur faoi bhráid na n-údarás cánach.

10. GLACADH LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

Ar 13 Aibreán 2015 d'fhaomh na stiúrthóirí na ráitis airgeadais agus d'údaraigh siad go n-eiseofaí iad.

COMHAR TEORANTA
(CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA GAN SCAIRCHAIPITEAL)

RÁITEAS SREABHADH AIRGID

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2014

	2014 €	2013 €
IN/(EIS)SREABHADH GLAN AIRGID THIRIM Ó GHNÍOMHACHTAÍ OIBRIÚCHÁIN	19,816	(8,786)
MÉADÚ/(LAGHDÚ) AIRGID	19,816	(8,786)
ANAILÍS AR GHLUAISEACHTAÍ AIRGID I RITH NA BLIANA		
Airgead sa bhanc:		
Airgead sa bhanc ag tús na bliana	7,436	16,222
In/(eis)sreabhadh airgid thirim glan	19,816	(8,786)
Airgead sa bhanc ag deireadh na bliana	27,252	7,436
RÉITEACH IDIR FARASBARR/(EASNAMH) NA BLIANA AGUS IN/(EIS)SREABHADH AIRGID THIRIM Ó GHNÍOMHACHTAÍ OIBRIÚCHÁIN		
Farasbarr/(easnamh) na bliana	1,609	(9,707)
(Méadú) ar stoc	(3,525)	(9,975)
(Méadú)/laghdú ar fhéichiúnaithe	(1,014)	15,957
Méadú/(laghdú) ar chreidiúnaithe	22,746	(5,061)
	19,816	(8,786)